**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0166/2024**

9.4.2024

# TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha tar éis iarratas ón nGearmáin –
EGF/2023/003 DE/Vallourec
(COM(2024)0030 – C9-0041/2024 – 2024/0049(BUD))

An Coiste um Buiséid

Rapóirtéir: Jens Geier

## CLÁR

**Leathanach**

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ....................................3

IARSCRÍBHINN: CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE.......................................................................................................................7

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ..........................................................................................................9

LITIR ÓN GCOISTE UM FHOSTAÍOCHT AGUS UM GHNÓTHAÍ SÓISIALTA ............11

ANNEX: ENTITIES OR PERSONS FROM WHOM THE RAPPORTEUR HAS RECEIVED INPUT ....................................................................................................................................16

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH.....................................17

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH........18

## TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an togra le haghaidh cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha tar éis iarratas ón nGearmáin – EGF/2023/003 DE/Vallourec (COM(2024)0030 – C9-0041/2024 – 2024/0049(BUD))**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2024)0030 – C9-0041/2024),

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/691 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CED) d'Oibrithe Iomarcacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013[1] ('Rialachán CED'),

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021-2027[2] arna leasú le Rialachán (AE, Euratom) 2024/765[3], agus go háirithe Airteagal 8 de,

– ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach[4], agus go háirithe pointe 9 de,

– ag féachaint don litir ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Buiséid (A9-0166/2024),

A. de bhrí go bhfuil ionstraimí reachtacha agus buiséadacha curtha ar bun ag an Aontas chun tacaíocht bhreise a thabhairt d'oibrithe atá thíos leis na mórathruithe struchtúracha ar phatrúin na trádála domhanda nó atá thíos leis an ngéarchéim dhomhanda airgeadais agus eacnamaíoch, agus chun cúnamh a thabhairt maidir lena n-ath-imeascadh sa mhargadh saothair; de bhrí go gcuirtear an cúnamh sin ar fáil trí thacaíocht airgeadais a thugtar d'oibrithe agus na comhlachtaí inar oibrigh siad;

B. de bhrí gur chuir an Ghearmáin iarratas EGF/2023/003 DE/Vallourec isteach ar ranníocaíocht airgeadais ón gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CED), tar éis 1518 n-iomarcaíocht[5] san earnáil eacnamaíoch a aicmítear faoi NACE Athbhreithniú 2 rannán 24 (Monarú miotal bunúsach) i gcathracha comharsanachta Düsseldorf agus

[1] IO L 153, 3.5.2021, lch. 48.
[2] IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11.
[3] ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/765 ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L, 2024/765, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/765/oj).
[4] IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 28.
[5] De réir bhrí Airteagal 3 de Rialachán CED.

Mülheim an der Ruhr laistigh de thréimhse thagartha don iarratas ón 26 Aibreán 2023 go dtí an 26 Lúnasa 2023;

C. de bhrí go mbaineann an t-iarratas le 1 518 n-oibrí a cuireadh ar iomarcaíocht sa chuideachta Vallourec Deutschland GmbH (VAD);

D. de bhrí go bhfuil an t-iarratas bunaithe ar na critéir idirghabhála a leagtar amach in Airteagal 4(2), pointe (a), de Rialachán CED, lena gceanglaítear go gcuirfí 200 oibrí ar a laghad ar iomarcaíocht le linn tréimhse thagartha 4 mhí i bhfiontar i mBallstát, lena n-áirítear oibrithe ar chuir soláthraithe agus táirgeoirí iartheachtacha ar iomarcaíocht iad agus/nó daoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht;

E. de bhrí go bhfuil iomaíochas eacnamaíoch laghdaithe ag paindéim COVID-19 agus ag cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus go bhfuil tionchar diúltach acu ar fhás eacnamaíoch sa Ghearmáin;

F. de bhrí gur mhonaraigh VAD, fochuideachta Ghearmánach Vallourec S.A, an Fhrainc, feadáin chruach theo-rollta gan uaim ag a dhá mhuileann cruach sa Ghearmáin; de bhrí, tar éis blianta de chaillteanais airgeadais, gur seoladh roinnt beart athstruchtúraithe agus laghdaithe agus plean téarnaimh tiomnaithe in 2018, lena mbaineann lamháltais ó na hoibrithe ar choinníollacha fostaíochta; de bhrí, in ainneoin roinnt ratha, go raibh deacrachtaí breise ann do mhuilte feadán Gearmánacha mar thoradh ar an staid eacnamaíoch tar éis phaindéim COVID-19 agus ó 2015 i leith, gur cailleadh breis agus 1400 post cheana féin mar gheall ar athstruchtúrú; de bhrí gur chinn Vallourec S.A. in 2021 a mhuilte feadán Gearmánacha a dhíol agus a tháirgeadh a aistriú go dtí an Bhrasaíl; de bhrí gur theip ar an díol, as ar tháinig dúnadh críochnaitheach na láithreán agus as ar tháinig iomarcaíocht an lucht saothair a bhí fágtha faoin 1 Eanáir 2025;

G. de bhrí gur chomhaontaigh VAD cuideachta aistrithe a bhunú do gach baisc de na daoine a dífhostaíodh agus gur thairg an fiontar plean luathscoir d'fhostaithe a rugadh in 1966 nó roimhe sin, chomh maith le pleananna foirceanta deonacha do dhaoine a bhféadfadh sé nach mbeadh cúnamh níos faide ag teastáil uathu chun post nua a fháil;

H. de bhrí gur cheart ranníocaíochtaí airgeadais ó CED a dhíriú go príomha ar bhearta gníomhacha beartais maidir leis an margadh saothair agus ar sheirbhísí pearsantaithe a bhfuil sé mar aidhm leo tairbhithe a ath-imeascadh go tapa i bhfostaíocht chuibhiúil agus inbhuanaithe laistigh dá n-earnáil gníomhaíochta tosaigh nó lasmuigh di, agus iad á n-ullmhú do gheilleagar Eorpach aeráidneodrach agus níos digití;

I. de bhrí go laghdaíonn athbhreithniú CAI an t-uasmhéid bliantúil CED ó EUR 186 mhilliún go EUR 30 milliún (i bpraghsanna 2018), mar a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle arna leasú le Rialachán (AE, Euratom) 2024/765; de bhrí gur cheart don Choimisiún faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme CED agus gur cheart do na hinstitiúidí uile aon bhearta is gá a dhéanamh chun a áirithiú gur féidir gach iarraidh ar thacaíocht CED a bhfuil údar cuí léi a chomhlíonadh mar léiriú ar dhlúthpháirtíocht AE;

1. ag aontú leis an gCoimisiún go bhfuil na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 4(2), pointe (a), de Rialachán CED comhlíonta agus go bhfuil an Ghearmáin i dteideal EUR 2 984 627 de ranníocaíocht airgeadais a fháil faoin Rialachán sin, arb ionann í agus 60 % den chostas iomlán de EUR 4 974 379, a chuimsíonn

EUR 4 783 057 de chaiteachas ar sheirbhísí pearsantaithe agus EUR 191 322 de chaiteachas ar ghníomhaíochtaí ullmhúcháin, bainistíochta, faisnéise agus poiblíochta, rialaithe agus tuairiscithe;

2. ag tabhairt dá haire gur chuir údaráis na Gearmáine an t-iarratas isteach an 15 Samhain 2023, agus, tar éis don Ghearmáin faisnéis bhreise a chur ar fáil, gur chuir an Coimisiún bailchríoch ar a mheasúnú an 29 Feabhra 2024 agus gur thug sé fógra do Pharlaimint na hEorpa faoi an lá céanna;

3. ag tabhairt dá haire go mbaineann an t-iarratas le 1 518 n-oibrí a cuireadh ar iomarcaíocht sa chuideachta Vallourec Deutschland GmbH (VAD); ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur 835 oibrí spriocdhírithe a bheidh ann san iomlán;

4. á chur i bhfios go láidir go bhfuiltear ag dréim leis go mbeidh drochthionchar suntasach ag na hiomarcaíochtaí sin ar an ngeilleagar áitiúil atá faoi réir mórathruithe struchtúracha le fiche nó tríocha bliain anuas le laghdú suntasach ar phoist sa táirgeadh agus go háirithe i monaraíocht miotail; á chur i bhfios go dtiocfaidh méadú 11.6 % agus 5.6 % faoi seach ar an ráta dífhostaíochta i gcathracha Mülheim agus Düsseldorf mar gheall ar an dífhostú;

5. á chur i bhfios nach bhfuil próifílí na n-oibrithe iomarcacha ag teacht leis na scileanna atá á lorg ar mhargadh an tsaothair; á chur i bhfios go láidir, thairis sin, go bhfuil formhór na n-oibrithe lena mbaineann ag dul chun cinn ina ngairmeacha gairmiúla, tar éis dóibh obair le haghaidh VAD ar feadh i bhfad, le leibhéil cáilíochtaí foirmiúla a fhágann nach bhfuil siad iomaíoch sa mhargadh saothair atá ann faoi láthair, ós rud é go bhfuil 20.1 % díobh os cionn 54 bliana d’aois; á chur i bhfáth gur dúshlán é uas-sciliú agus athsciliú na n-oibrithe i gcomhréir le héilimh an mhargaidh saothair ar phoist cháilithe, go háirithe i bhfianaise an líon mór daoine a dífhostaíodh an tráth céanna; á chur i bhfáth, thairis sin, maidir le huas-sciliú agus athsciliú oibrithe a cuireadh ar iomarcaíocht, gur gá riachtanais cháilíochta mheántéarmacha go fadtéarmach an chlaochlaithe thionsclaíoch go todhchaí aeráidneodrach a bhreithniú;

6. á mheas gur freagracht shóisialta de chuid an Aontais é na cáilíochtaí riachtanacha a sholáthar do na hoibrithe seo a cuireadh ar iomarcaíocht, chun claochlú éiceolaíoch agus cóir agus thionscal an Aontais a dhéanamh i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip, ós rud é gur oibrigh siad in earnáil a bhí an-dian ó thaobh carbóin de. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá an taighde agus an nuálaíocht chun go mbeidh an Eoraip oiriúnach don mhonaraíocht thionsclaíoch amach anseo chun cosc a chur ar an Aontas bealach an dícharbónaithe a bhaint amach trí dhíthionsclú; á chur in iúl gur geal léi, dá bhrí sin, na seirbhísí pearsantaithe a sholáthraíonn CED do na hoibrithe, lena n-áirítear bearta uas-scilithe, ceardlanna, treoshuíomh gairme, comhairleoireacht poist, chomh maith le liúntais oiliúna, chun an réigiún, agus an margadh saothair foriomlán, a dhéanamh níos inbhuanaithe agus níos athléimní sa todhchaí;

7. á chur in iúl gur geal léi gur dhréachtaigh an Ghearmáin an pacáiste comhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe i gcomhairle le tairbhithe a bhfuiltear ag díriú orthu, lena n-ionadaithe foirne agus lena gcomhpháirtithe sóisialta; á chur in iúl gur geal léi, go háirithe, díreach tar éis an chinnidh na muilte feadán a dhúnadh, gur chuir bainistíocht an fhiontair agus ionadaithe na bhfostaithe tús leis an gcaibidlíocht maidir le plean sóisialta, agus go háirithe maidir le cuideachta aistrithe a chruthú. ag aithint go ndearna

VAD iarrachtaí suntasacha chun tionchar sóisialta dhúnadh na láithreán a íoslaghdú;

8. á mheabhrú gurb é atá sna seirbhísí pearsantaithe atá le soláthar d'oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe ná na gníomhaíochtaí seo a leanas: oiliúint agus athoiliúint shaincheaptha, gairmthreoir, seirbhísí aonair cúnaimh i gcuardach poist agus gníomhaíochtaí grúpa spriocdhírithe, tacaíocht do chruthú gnó agus rannchuidiú leis, chomh maith le dreasachtaí agus liúntais;

9. á chur in iúl gur geal léi go mór gur beartaíodh beart maidir le bunscileanna digiteacha (Digitale Grundqualifizierung), lena bhfreastalaítear ar scaipeadh na scileanna is gá sa ré dhigiteach thionsclaíoch, mar a cheanglaítear le hAirteagal 7(2) den Rialachán CED; ag tabhairt dá haire go bhfuil an beart sin dírithe go háirithe ar na rannpháirtithe sin nach bhfuil scileanna digiteacha ar bith acu nó nach bhfuil mórán scileanna digiteacha acu; á chur in iúl gur geal léi go gcuirfear ríomhairí glúine ar fáil do rannpháirtithe ionas gur féidir leo an cúrsa a leanúint agus cleachtadh a dhéanamh sa bhaile, agus go dtabharfar aird ar leith ar scileanna feidhmeacha a chuidíonn le rannpháirtithe uirlisí idirlín a úsáid chun post a chuardach;

10. ag tabhairt dá haire gur thosaigh an Ghearmáin ar sheirbhísí pearsantaithe a sholáthar do na tairbhithe spriocdhírithe an 1 Nollaig 2023 agus go mbeidh, dá bhrí sin, tréimhse na hincháilitheachta le haghaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED ón 1 Nollaig 2023 go dtí 24 mhí tar éis don chinneadh maoiniúcháin teacht i bhfeidhm;

11. ag tabhairt dá haire gur thosaigh an Ghearmáin ar chaiteachas riaracháin a thabhú chun CED a chur chun feidhme an 1 Eanáir 2023, agus go mbeidh an caiteachas le haghaidh gníomhaíochtaí ullmhúcháin, bainistíochta, faisnéise agus poiblíochta, rialaithe agus tuairiscithe incháilithe dá bhrí sin le haghaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED ón 1 Eanáir 2023 go ceann 31 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an chinnidh maoiniúcháin;

12. á chur i bhfáth gur dhearbhaigh údaráis na Gearmáine nach bhfaigheann na gníomhaíochtaí incháilithe cúnamh ó chistí nó ionstraimí airgeadais eile an Aontais, agus go n-urramófar prionsabail na córa comhionainne agus an neamh-idirdhealaithe maidir le rochtain ar na gníomhaíochtaí atá beartaithe agus maidir lena gcur chun feidhme;

13. á athdhearbhú nach mór nach dtiocfaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED in ionad gníomhaíochtaí a bhfuil na cuideachtaí freagrach astu, de bhua an dlí náisiúnta nó comhaontuithe comhchoiteanna, nó aon cheann de liúntais nó cearta oibrithe iomarcacha, chun breisíocht iomlán an leithdháilte a áirithiú;

14. ag formheas an chinnidh a ghabhann leis an rún seo;

15. á threorú dá hUachtarán an cinneadh a shíniú in éineacht le hUachtarán na Comhairle agus a shocrú go ndéanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

16. á threorú dá hUachtarán an rún seo, mar aon leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis, a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

## IARSCRÍBHINN: CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha tar éis iarratas ón nGearmáin – EGF/2023/003 DE/Vallourec**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/691 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013[1], agus go háirithe Airteagal 15(1), an chéad fhomhír, de,

ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach[2], agus go háirithe pointe 9 de,

ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

de bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is é is aidhm don Chiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) dlúthpháirtíocht a léiriú agus fostaíocht chuibhiúil inbhuanaithe a chur chun cinn san Aontas trí thacaíocht a thabhairt d'oibrithe ar cuireadh ar iomarcaíocht iad agus do dhaoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht i gcás mórtheagmhais athstruchtúraithe, agus cúnamh a thabhairt dóibh filleadh ar fhostaíocht chuibhiúil inbhuanaithe a luaithe is féidir.

(2) Ní rachaidh CED thar uasmhéid bliantúil EUR 30 mhilliún (praghsanna 2018) faoi mar a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle[3].

(3) An 15 Samhain 2023, chuir an Ghearmáin iarratas isteach chun CED a shlógadh i gcomhréir le hAirteagal 8(1) de Rialachán (AE) 2021/691, i leith iomarcaíochtaí na n-oibrithe in Vallourec (Vallourec Deutschland GmbH (VAD)) san earnáil eacnamaíoch a aicmítear faoin Aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha sa Chomhphobal Eorpach ('NACE')[4] , Athbhreithniú 2, rannán 24 (Monarú miotal bunúsach) in Düsseldorf (DEA1) na Gearmáine, réigiún de leibhéal 2 d'Aicmiú Comhchoiteann na nAonad Críche maidir le Staidreamh ('NUTS'). Bhí faisnéis bhreise ann mar fhorlíonadh ar an iarratas sin, ar faisnéis í a soláthraíodh i gcomhréir le hAirteagal 8(5)

---

1 IO L 153, 3.5.2021, lch. 48.

2 IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 28

3 Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11).

4 Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena mbunaítear aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Athbhreithniú 2 agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle chomh maith le Rialacháin CE áirithe maidir le fearainn shonracha staidrimh (IO L 393, 30.12.2006, lch. 1).

de Rialachán (AE) 2021/691. Meastar go gcomhlíonann an t-iarratas sin na coinníollacha maidir le ranníocaíocht airgeadais ó CED a sholáthar, mar a leagtar síos in Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2021/691, ar bhonn an mheasúnaithe a rinne an Coimisiún sa Togra le haghaidh cinneadh maidir le slógadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5].

(4) Dá bhrí sin, ba cheart CED a shlógadh chun ranníocaíocht airgeadais EUR 2 984 627 a sholáthar i leith an iarratais a chuir an Ghearmáin isteach.

(5) Chun íoslaghdú a dhéanamh ar an am a theastaíonn chun úsáid a bhaint as CED, ba cheart feidhm a bheith ag an gcinneadh seo ó dháta a ghlactha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Faoi chuimsiú bhuiséad ginearálta an Aontais le haghaidh na bliana airgeadais 2024, déanfar an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha a shlógadh chun méid EUR 2 984 627 a sholáthar ina leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus faoi chomhair íocaíochtaí.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. Beidh feidhm aige ó [*dháta a ghlactha*][].

Arna dhéanamh in, sa,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

[5] COM(2024) 30.
[] An dáta le cur isteach ag an bParlaimint sula bhfoilseofar san Iris Oifigiúil é.

# RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

## I. Cúlra

Cruthaíodh an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CED) chun tuilleadh cúnaimh a thabhairt d'oibrithe a ndearna mórathruithe struchtúracha ar phatrúin na trádála domhanda difear dóibh.

I gcomhréir le pointe 9 de Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020[6], tar éis measúnú dearfach ar iarratas, ceanglaítear ar an gCoimisiún togra a chur faoi bhráid an údaráis bhuiséadaigh maidir leis an gCiste a shlógadh agus é a chomhlánú le hiarraidh chomhfhreagrach ar aistriú chuig na línte buiséid ábhartha.

## II. An t-iarratas ón nGearmáin agus an togra ón gCoimisiún

An 15 Samhain 2023, chuir an Ghearmáin iarratas EGF/2023/003 DE/Vallourec isteach ar ranníocaíocht airgeadais ó CED, de dheasca 1518 n-iomarcaíocht[7] ag an gcuideachta Vallourec Deutschland GmbH (VAD) mar thoradh ar dhúnadh a dhá láithreán táirgthe. Is é sin an dara hiarratas den sórt sin ó 2023 agus an chéad cheann a scrúdaíodh faoi bhuiséad 2024.

Tar éis measúnú a dhéanamh ar an iarratas sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, i gcomhréir leis na forálacha uile is infheidhme de Rialachán CED, go gcomhlíontar na coinníollacha chun ranníocaíocht airgeadais a dhámhachtain ó CED.

An 29 Feabhra 2024, ghlac an Coimisiún togra le haghaidh cinneadh maidir le slógadh CED i bhfabhar na Gearmáine chun tacú le hath-imeascadh 1 835 thairbhí spriocdhírithe sa mhargadh saothair, i.e. oibrithe ar chuir VAD ar iomarcaíocht iad. San iomlán, slógfar EUR 2 984 627 ó CED don Ghearmáin, arb ionann é agus 60 % de chostais iomlána na ngníomhaíochtaí atá beartaithe.

Chinn an Coimisiún go raibh iarratas na Gearmáine inghlactha faoi na critéir idirghabhála a leagtar amach in Airteagal 4(2)(a) den Rialachán maidir le CED, lena gceanglaítear go gcuirfí ar a 200 oibrí ar a laghad ar iomarcaíocht le linn tréimhse thagartha ceithre mhí i bhfiontar atá lonnaithe i mBallstát, lena n-áirítear oibrithe ar chuir soláthraithe agus táirgeoirí iartheachtacha ar iomarcaíocht iad agus/nó daoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht.

Féadfar cómhaoiniú CED a iarraidh le haghaidh na gcineálacha gníomhaíochta seo a leanas, a chuirfear ar fáil d'oibrithe iomarcacha:

a) Bearta Uas-scilithe: Cúrsaí saincheaptha a chuirtear ar fáil do dhaoine aonair nó do ghrúpaí. Béim ar chúrsaí Gearmáinise do rannpháirtithe a bhfuil cumas lag acu sa teanga agus bunscileanna digiteacha speisialaithe do rannpháirtithe a bhfuil leibhéal íseal scileanna digiteacha acu.

b) Treoirchomhairleoireacht agus bearta gairm-threoshuímh / gníomhachtaithe gairme. Tacaíocht phearsantaithe ó threoirchomhairleoirí. Grúpaí piaraí agus ceardlanna, lena n-áirítear ina ndírítear ar mháithreacha aonair nó ar rannpháirtithe níos sine.

---

[6] Comhaontú idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún maidir le smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach, IO L 433I , 22.12.2020, lch. 28.
[7] De réir bhrí Airteagal 3 de Rialachán CED.

Díreofar a thuilleadh ar bhearta lena ndírítear ar shláinte fhisiciúil agus mheabhrach na rannpháirtithe a chobhsú agus a fheabhsú.

c) Cúnamh cuardaigh poist: Oibreoidh scabhtaí gairmiúla fostaíochta chun teacht ar fholúntais fhéideartha phoist nár foilsíodh fós agus a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach d'oibrithe incháilithe. Ina theannta sin, eagrófar imeachtaí cuardaigh post éagsúla, amhail aontaí poist.

d) Tacaíocht chun gnó a chruthú Seirbhísí comhairleacha dóibh siúd ar spéis leo a ngnólachtaí féin a thosú, lena n-áirítear bearta oiliúna saincheaptha aonair chomh maith le seisiúin chóitseála i ngrúpaí.

e) Ranníocaíocht chun gnó a chruthú; Is féidir deontais suas le EUR 21871 a úsáid le haghaidh infheistíochtaí i dtrealamh, ach freisin le haghaidh áitreabh gnó a fháil ar cíos nó le haghaidh cóitseála nó oiliúint bhreise le linn na céime tionscnaimh.

f) Dreasachtaí agus liúntais. (1) Dreasachtaí uas-scilithe. Is féidir iad a íoc as rannpháirtíocht rathúil i mbearta áirithe, ag brath ar chineál, leibhéal agus fad birt. (2) Tuilleadh dreasachtaí. Beidh na dreasachtaí sin dírithe go príomha ar rannpháirtithe a lánpháirtiú sa mhargadh fostaíochta, agus is féidir iad a íoc mar bhónas as dul i mbun fostaíochta le linn fhad na cuideachta aistrithe nó is féidir iad a íoc i bhfoirm forlíontaí tuarastail chun cúiteamh a dhéanamh ar chaillteanas pá sa phost nua. (3) Liúntas oiliúna. Íoctar liúntas EUR 1296 le linn d'oibrithe fanacht sa chuideachta aistrithe. Is réamhriachtanas é a bheith rannpháirteach i mbearta gníomhacha sa mhargadh saothair chun liúntas a fháil.

De réir an Choimisiúin, is ionann na bearta a bhfuil tuairisc orthu anseo agus bearta gníomhacha maidir leis an margadh saothair laistigh de na gníomhaíochtaí incháilithe a leagtar amach in Airteagal 7 de Rialachán CED agus ní dhéanann siad ionadú ar bhearta cosanta sóisialta éighníomhacha.

Sholáthair an Ghearmáin an fhaisnéis a theastaíonn maidir le gníomhaíochtaí atá éigeantach don fhiontar lena mbaineann de bhua an dlí náisiúnta nó de bhun comhaontuithe comhchoiteanna. Dheimhnigh siad nach dtiocfaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED in ionad na ngníomhaíochtaí sin.

**Nós imeachta**

Chun an Ciste a shlógadh, tá iarraidh curtha ag an gCoimisiún faoi bhráid an Údaráis Bhuiséadaigh chun méid iomlán de EUR 2984627 a aistriú ó chúlchiste CED (líne bhuiséid 30 04 02; leithreasuithe faoi chomhair gealltanas) chuig CED (líne bhuiséid 16 02 02; leithreasuithe faoi chomhair gealltanas).

De réir comhaontú inmheánach laistigh den Pharlaimint, ba cheart baint a bheith ag an gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta agus ag an gCoiste um Beartas Réigiúnach leis an bpróiseas, chun tacaíocht chuiditheach a thabhairt agus chun rannchuidiú leis an measúnú ar na hiarratais ón gCiste.

19.3.2024

## LITIR ÓN GCOISTE UM FHOSTAÍOCHT AGUS UM GHNÓTHAÍ SÓISIALTA

Johan Van Overtveldt
Cathaoirleach
An Coiste um Buiséid
AN BHRUISÉIL

Ábhar: Tuairim ar an togra le haghaidh cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha tar éis iarratas ón nGearmáin – EGF/2023/003 DE/Vellourec (2024/0049(BUD))

A Chathaoirligh, a chara,

Faoin nós imeachta dá dtagraítear thuas, tá iarrtha ar an gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta tuairim a chur faoi bhráid do choiste agus chinn sé an tuairim a sheoladh i bhfoirm litreach.

Rinne an Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta breithniú ar an ábhar ag a chruinniú an 19 Márta 2024 agus chinn sé a iarraidh ar an gCoiste um Buiséid, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin.

Le dea-mhéin,

Dragoş Pîslaru

# MOLTAÍ

A. De bhrí, an 15 Samhain 2023, gur chuir an Ghearmáin iarratas EGF/2023/003 DE/Vallourec isteach ar ranníocaíocht airgeadais ó CED, de dheasca iomarcaíochtaí in Vallourec (Vallourec Deutschland GmbH (VAD)) sa Ghearmáin;

B. de bhrí go mbaineann an t-iarratas le 1 518 oibrí iomarcacha a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht in VAD; de bhrí go n-oibríonn an fiontar seo san earnáil eacnamaíoch a aicmítear faoi NACE Athbhreithniú 2, rannán 24 (Monarú bunmhiotal); de bhrí gur iomarcaíochtaí iad atá lonnaithe sa réigiún Düsseldorf a rinne an fiontar;

C. de bhrí gur chinn an Coimisiún go raibh iarratas na Gearmáine inghlactha faoi na critéir idirghabhála a leagtar amach in Airteagal 4(2)(a) de Rialachán CED, lena gceanglaítear go gcuirfí 200 oibrí ar a laghad ar iomarcaíocht le linn tréimhse thagartha ceithre mhí i bhfiontar atá lonnaithe i mBallstát, lena n-áirítear oibrithe ar chuir soláthraithe agus táirgeoirí iartheachtacha ar iomarcaíocht iad agus/nó daoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht;

D. de bhrí, an 29 Feabhra 2024, gur ghlac an Coimisiún togra le haghaidh cinneadh maidir le slógadh CED i bhfabhar na Gearmáine chun tacú le hath-imeascadh 835 thairbhí spriocdhírithe sa mhargadh saothair, i.e. oibrithe ar chuir VAD ar iomarcaíocht iad;

E. de bhrí gur fochuideachta Ghearmánach de Vallourec S.A, an Fhrainc, é an fiontar, Vallourec Deutschland GmbH (VAD); de bhrí gur mhonaraigh an fiontar feadáin chruach theo-rollta gan uaim ag an dá mhuileann cruach atá aige sa Ghearmáin, sna cathracha comharsanacha Düsseldorf agus Mülheim an der Ruhr; de bhrí, tar éis blianta de chaillteanais airgeadais, gur seoladh roinnt beart athstruchtúraithe agus laghdaithe agus plean téarnaimh tiomnaithe in 2018; de bhrí gur léirigh na fostaithe go raibh siad toilteanach lamháltais láidre a dhéanamh chun na láithreáin táirgthe a shábháil; de bhrí, ina ainneoin sin, gur cailleadh níos mó ná 1400 post ó 2015 i leith mar gheall ar an athstruchtúrú sin;

F. de bhrí gur chinn Vallourec S.A. in 2021 a mhuilte feadáin Gearmánacha a dhíol agus a tháirgeadh a aistriú go dtí an Bhrasaíl; de bhrí gur theip ar na hiarrachtaí ar fad na láithreáin táirgthe a dhíol, as ar tháinig dúnadh críochnaitheach na láithreán agus as ar tháinig iomarcaíocht an lucht saothair a bhí fágtha faoin 1 Eanáir 2025 (i dtrí chéim, agus an chéad bhaisc oibrithe tar éis an chuideachta a fhágáil faoin 1 Eanáir 2024, an dara baisc atá le fágáil faoin 1 Iúil 2024, agus an tríú baisc faoin 1 Eanáir 2025);

G. de bhrí gur chomhaontaigh VAD cuideachta aistrithe a bhunú do gach baisc de na daoine a dífhostaíodh agus gur thairg an fiontar plean luathscoir d’fhostaithe a rugadh in 1966 nó roimhe sin, chomh maith le pleananna foirceanta deonacha do dhaoine a bhféadfadh sé nach mbeadh cúnamh níos faide ag teastáil uathu chun post nua a fháil;

H. de bhrí go bhfuiltear ag dréim leis go mbeidh drochthionchar suntasach ag na hiomarcaíochtaí sin ar an ngeilleagar áitiúil, atá faoi réir mórathruithe struchtúracha le fiche nó tríocha bliain anuas le laghdú suntasach ar phoist sa táirgeadh agus go háirithe i monaraíocht miotail; de bhrí go bhfuiltear ag dréim leis go dtiocfaidh méadú 11.6 % agus 5.6 % faoi seach ar an ráta dífhostaíochta i gcathracha Mülheim agus Düsseldorf mar gheall ar an dífhostú;

I. de bhrí go bhfuil na margaí fostaíochta áitiúla laistigh den réigiún an-éagsúil le ráta ard dífhostaíochta in Mülheim agus ardleibhéal fostaíochta san earnáil threasach in Düsseldorf; de bhrí nach bhfuil próifílí na n-oibrithe iomarcacha ag teacht leis na scileanna atá á lorg ar an margadh fostaíochta; de bhrí go bhfuil formhór na n-oibrithe lena mbaineann ag dul chun cinn ina ngairmeacha gairmiúla, tar éis dóibh obair le haghaidh VAD ar feadh i bhfad, le leibhéil cáilíochtaí foirmiúla nach bhfuil iomaíoch sa mhargadh saothair atá ann faoi láthair; de bhrí gur dúshlán é uas-sciliú agus athsciliú na n-oibrithe i gcomhréir le héilimh an mhargaidh saothair ar phoist cháilithe, go háirithe i bhfianaise an líon mór daoine a dífhostaíodh an tráth céanna;

J. de bhrí gur chuir an Ghearmáin in iúl gur tarraingíodh suas an pacáiste comhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta, i gcomhréir le hAirteagal 7(4) de Rialachán (AE) 2021/691;

K. de bhrí, maidir leis na bearta a gheobhaidh tacaíocht ó CED, gur dheimhnigh an Ghearmáin nach bhfaigheadh na bearta sin aon ranníocaíochtaí airgeadais ó ionstraimí airgeadais eile de chuid an Aontais freisin;

L. de bhrí nach sáróidh CED uasmhéid bliantúil de EUR 186 mhilliún (i bpraghsanna 2018), mar a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027;

dá bhrí sin, iarrann an Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta ar an gCoiste um Buiséid, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a chomhtháthú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. á mheabhrú gurb é cuspóir CED dlúthpháirtíocht le tairbhithe a léiriú agus tacú leo; á mheas gur cheart ranníocaíochtaí airgeadais ó CED a dhíriú go príomha ar bhearta gníomhacha beartais maidir leis an margadh saothair agus ar sheirbhísí pearsantaithe arb é is aidhm dóibh tairbhithe a lánpháirtiú go mear i bhfostaíocht atá cuibhiúil agus inbhuanaithe laistigh dá n-earnáil gníomhaíochta tosaigh nó lasmuigh di; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé oibrithe a ullmhú d'aistrithe glasa agus digiteacha gheilleagar agus shochaí na hEorpa, a bhfuil géarghá leo; ag athdhearbhú, sa chomhthéacs sin, an róil thábhachtaigh atá ag an Aontas, lena n-áirítear trí CED, maidir le rannchuidiú le maoiniú na gcáilíochtaí is gá don aistriú cóir i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip;

2. ag aontú leis an gCoimisiún go bhfuil na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 4(2), pointe (a), de Rialachán CED comhlíonta agus go bhfuil an Ghearmáin i dteideal EUR 2 984 627 de ranníocaíocht airgeadais a fháil faoin Rialachán sin, arb ionann í agus 60 % den chostas iomlán de EUR 4 974 379, a chuimsíonn EUR 4 783 057 de chaiteachas ar sheirbhísí pearsantaithe agus EUR 191 322 de chaiteachas ar ghníomhaíochtaí ullmhúcháin, bainistíochta, faisnéise agus poiblíochta, rialaithe agus tuairiscithe;

3. á chur in iúl gur geal léi, i mí na Samhna 2022, go ndeachaigh Údarás Bainistíochta CED na Gearmáine i mbun plé leis an bhfiontar atá ag dífhostú, leis an gconraitheoir tríú páirtí a coimisiúnaíodh chun an chuideachta aistrithe a chur ar bun, leis an tSeirbhís Phoiblí Fostaíochta, chomh maith le húdaráis Stát Cónaidhme na Réine Thuaidh-Viostfáile faoi seach, maidir le hiarratas féideartha CED. agus an 13 Feabhra 2023,

thángthas ar chomhaontú maidir le comhphlean gníomhaíochta;

4. ag tabhairt dá haire go mbaineann an t-iarratas le 1 518 n-oibrí a cuireadh ar iomarcaíocht iad sa chuideachta Vallourec Deutschland GmbH (VAD); ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur 835 oibrí a bheidh sna tairbhithe a bhfuiltear ag díriú orthu; á chur i bhfáth go bhfuil 73.5% de na tairbhithe a bhfuiltear ag díriú orthu idir 30-54 bliana d'aois, 20.1% - atá os cionn 54 bliana d'aois, go bhfuil oideachas meánscoile sinsearach nó iar-mheánscoile nó oideachas níos ísle ná sin ag 89.1% díobh agus gur fir iad 95.6 % díobh; á chur i bhfáth, thairis sin, gur cheart riachtanais shonracha na ngrúpaí sin a chur san áireamh agus seirbhísí pearsantaithe á soláthar, go háirithe i bhfianaise a bpróifíl scileanna agus an staid sna margaí fostaíochta áitiúla;

5. á chur i bhfáth, maidir leis na bearta a gheobhaidh tacaíocht ó CED, gur dheimhnigh an Ghearmáin nach bhfaighidh siad aon ranníocaíochtaí airgeadais ó ionstraimí airgeadais eile de chuid an Aontais;

6. á mheabhrú gurb iad na bearta seo a leanas atá sna seirbhísí pearsantaithe atá le soláthar d'oibrithe i gcomhréir le hAirteagal 8(7)(h) de Rialachán CED: (a) bearta uas-scilithe, (b) treoirchomhairleoireacht agus bearta treoshuímh/gníomhachtaithe gairme, (c) seirbhísí comhairleacha do ghnólachtaí nuathionscanta, (d) deontais do ghnólachtaí nuathionscanta, (e) cúnamh cuardaigh poist, (f) dreasachtaí uas-scilithe, (g) dreasachtaí breise, agus (h) liúntas oiliúna;

7. á chur in iúl gur geal léi go mór gur beartaíodh beart maidir le bunscileanna digiteacha (Digitale Grundqualifizierung), lena bhfreastalaítear ar scaipeadh na scileanna is gá sa ré dhigiteach thionsclaíoch, mar a cheanglaítear le hAirteagal 7(2) de Rialachán CED; ag tabhairt dá haire go bhfuil an beart sin dírithe go háirithe ar na rannpháirtithe sin nach bhfuil scileanna digiteacha ar bith acu nó nach bhfuil mórán scileanna digiteacha acu; á chur in iúl gur geal léi go gcuirfear ríomhairí glúine ar fáil do rannpháirtithe ionas gur féidir leo an cúrsa a leanúint agus cleachtadh a dhéanamh sa bhaile, agus go dtabharfar aird ar leith ar scileanna feidhmeacha a chuidíonn le rannpháirtithe uirlisí idirlín a úsáid chun post a chuardach;

8. ag meabhrú na féidearthachta atá ann le haghaidh bearta speisialta a bhfuil teorainn ama leo laistigh den phacáiste comhordaithe lena n-áirítear, *inter alia*, liúntais cúraim leanaí a íoc, mar a fhoráiltear in Airteagal 7.2 b de Rialachán CED, chun rannpháirtíocht cuardaitheoirí poist sna gníomhaíochtaí atá beartaithe a éascú.

## ANNEX: ENTITIES OR PERSONS FROM WHOM THE RAPPORTEUR HAS RECEIVED INPUT

Pursuant to Article 8 of Annex I to the Rules of Procedure, the rapporteur declares that he has received input from the following entities or persons in the preparation of the report, until the adoption thereof in committee:

| Entity and/or person |
|---|
| Two representatives of IG Metall (German trade union of steel workers) |

The list above is drawn up under the exclusive responsibility of the rapporteur.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 8.4.2024 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 25<br>–: 0<br>0: 0 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Rasmus Andresen, Olivier Chastel, Andor Deli, Pascal Durand, Eider Gardiazabal Rubial, Alexandra Geese, Eero Heinäluoma, Hervé Juvin, Fabienne Keller, Joachim Kuhs, Pierre Larrouturou, Margarida Marques, Siegfried Mureşan, Andrey Novakov, Eleni Stavrou, Nils Torvalds, Nils Ušakovs |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Anna-Michelle Asimakopoulou, Herbert Dorfmann, Jan Olbrycht |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Karolin Braunsberger-Reinhold, Petra Kammerevert, Wolfram Pirchner, Dominique Riquet, Mounir Satouri |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 25 | + |
|---|---|
| ID | Joachim Kuhs |
| NI | Andor Deli, Hervé Juvin |
| PPE | Anna-Michelle Asimakopoulou, Karolin Braunsberger-Reinhold, Herbert Dorfmann, Siegfried Mureşan, Andrey Novakov, Jan Olbrycht, Wolfram Pirchner, Eleni Stavrou |
| Renew | Olivier Chastel, Fabienne Keller, Dominique Riquet, Nils Torvalds |
| S&D | Pascal Durand, Eider Gardiazabal Rubial, Eero Heinäluoma, Petra Kammerevert, Pierre Larrouturou, Margarida Marques, Nils Ušakovs |
| Verts/ALE | Rasmus Andresen, Alexandra Geese, Mounir Satouri |

| 0 | - |
|---|---|
| | |

| 0 | 0 |
|---|---|
| | |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh